
# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Cad a tharla don Hiéana Breac Éireannach?



**Seo an chuma atá ar an ngaol beo is cóngaraí don hiéana breac Éireannach sa lá atá inniu ann!**

Chun hiéana breac a aimsiú sa lá atá inniu ann bheadh ort turas a thabhairt ar an Aifric. Thart ar 45,000 bliain ó shin, bhí cónaí ar na creachadóirí seo in Éirinn i bpluaiseanna. D'imigh na hainmhithe oighearaoise seo as Éirinn nuair a d'athraigh an aeráid agus nuair a tháinig an t-oighear agus an sneachta arís thart ar 30,000 bliain ó shin.

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## Hiéanaí ocracha i gCorcaigh?



Cnámh géill de hiéana breac is ea an iontaise seo atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra.



**Suíomhanna inar aimsíodh fianaise iontaise den hiéana breac oighearaoise in Éirinn.**

Is scroblachóirí iad Hiéanaí Breaca ach is sealgairí iontacha iad chomh maith. Ceapann eolaithe go mbíodh an fia mór agus an mamat lomrach óg fiú á seilg ag an hiéana Éireannach!



Cac ársa an hiéana ó bhailiúchán an Mhúsaeim. Tá sé ann leis na mílte bliain. Focal eile ar chac iontaisithe ná coprailít.

Tá a fhios againn go raibh cónaí ar an hiéana breac in Éirinn fadó mar gur aimsigh daoine iontaisí i bpluais i gCo. Chorcaí. Cruthúnas is ea na hiontaisí seo go raibh cónaí ar an gcreachadóir seo in Éirinn fadó.

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann
Natural History

# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Aimsigh cac an hiéana!

Féach ar an bpuzal. An féidir leat an péire seo de chac ársa an hiéana a aimsiú laistigh den phuzal? Níl sé le feiceáil ach uair amháin sa phuzal. Scrúdaigh an péire seo de chac ársa go mion ar dtús. Glac do chuid ama agus tú ag scúpáil agus ag déanamh iniúchadh!





Bíonn cruthanna, méideanna, dathanna agus patrúin éagsúla ag baint le cacanna iontaisithe. Úsáidtear iad chun seodra a dhéanamh fiú! Déanann eolaithe staidéar ar an gcac ársa chun teacht ar rúin ón am atá thart. Trí scrúdú a dhéanamh ar na codanna beaga bídeacha laistigh den iontaise, is féidir leo a fháil amach cad a bhí ag ainmhí díofa dá dhinnéar na mílte bliain ó shin!